C/2024/3968

21.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11204 — BUNGE / VITERRA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3968)

1. An 13 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bunge Global SA ('Bunge', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Viterra Limited ('Viterra', an Ísiltír).

Gheobhaidh Bunge rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Viterra ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta gnó talmhaíochta í Bunge atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac. Tá Bunge gníomhach den chuid is mó i ndíol mín olashíolta agus olaí chomh maith le holaí plandúla. Díolann Bunge gráinní, lena n-áirítear arbhar, cruithneacht, eorna agus táirgí meilte, amhail plúr cruithneachta, chomh maith le holashíolta neamhphróiseáilte agus táirgí eile amhail siúcra,

— Faoi láthair, tá Viterra faoi rialú Glencore, CPP Investments, BCI, agus VEBT. Díríonn Viterra ar cheannach agus díol barra tráchtearraí neamhphróiseáilte, go háirithe ghráinní agus olashíolta. Díolann Viterra táirgí neamhphróiseáilte eile amhail cadás agus siúcra freisin, chomh maith le táirgí meilte (e.g. plúr cruithneachta) agus táirgí olashíolta (e.g. mín agus ola).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.11204 — BUNGE / VITERRA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').